

Pictiúir faoi Chaibidil, Seachtain 02: *Bia, Bia Deas Blasta!*



Alfred Bendiner, Cunard, 1969, dúch ar pháipéar. Bailiúchán Ghailearaí Ealaíne Crawford, Corcaigh © eastát an ealaíontóra

Eolas maidir leis an saothar ealaíne:

Sa líníocht seo tá custaiméir ocrach agus cócaire ag damhsa le feiceáil! Ealaíontóir a rugadh i Meiriceá ba ea Alfred Bendiner (1899-1964) a rinne neart léaráidí go tapa a bhí lán spraoi agus diabhláocht. Bhí sé de nós ag Alfred a bheith ag sceitseáil in áiteanna éagsúla, i gcaiféanna agus bialanna go minic, ar sheanphíosaí páipéir nó biachláir. Sna líníochtaí a rinne sé i mbialanna feictear freastalaithe seafóideacha, cócairí ramhra, bia blasta agus custaiméirí fiosracha!

Seo Linn ag Súgradh!

An bhfuil ocras ort? Tá an bord réitithe go speisialta duitse!

Chun a chinntiú go bhfuil tú ocrach, tarraing na bianna ar fad a thaitníonn leat ar phláta an-mhór?

An féidir leat ceapaire speisialta a dhearadh dár mbiachlár? Céard iad na comhábhair a úsáidfidh tú?

liamhás	milseáin	cáis	leitís	cáslá
custard	citseap	subh	tráta	uachtar reoite
arán slisnithe	ispín	im piseanna talún	spionáiste	
mairteoil	im	criospaí	seacláid	cabáiste
banana	mustard	glóthán	bachlóga bruiséile	
salámaí	tuinnín	anlann seacláide	oinniúin	brocailí

Déan cur síos ar an tslí a mhothaigh tú nuair a bhí do cheapaire iontach á ithe agat! Is féidir leat úsáid a bhaint as na focail thíos!

alp	plac	slog	siar	ól	cogain	braon	
ligh	pláta	blasta	spúnóg	sil	roinn	mall	
naipcín	an-bhlasta	doirt	boladh	blas	teanga	fiacla	
níos	mó!	lán	clúdaigh	brúcht	mín	éadrom	
bog	an	snag	briosc	deas	milis	bord	goirt
TE	NÍL!	cnapánach	mungail	spíosrach	MMMMM!!		

An bhfuil tú ag iarraidh leanúint ar aghaidh ag spraoi? Bailigh rudaí éagsúla as ar fud an tí chun do bhiachlár féin a dhearadh!

Úsáid olann chun spaigití a dhéanamh, ach níor cheart an olann a ithe ar ndóigh!

Bailigh seanphíosaí éadaí agus gearr amach cruthanna ó pháipéar chun miasa nua a chruthú.

Is féidir coirníní agus cnaipí a chur i sásan chun stobhach deas, a dhéanann neart torainn, a ullmhú.

Déan iarracht rudaí a fháil ón mbosca bruscair athchúrsála!

Más féidir leat dul chomh fada le gairdín, déan roinnt pióg láibe i seanchoimeádáin agus maisigh le duilleoga agus clocha.

Bon Appetit!